

# BUISEAD

## 2007

BAILE ÁTHA CLIATH  
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR  
Le ceannach díreach ón  
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,  
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,  
nó tríd an bpost ó  
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,  
51 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2,  
(Tel: 01 – 6476834/35/36/37; Facs: 01 - 6476843)  
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN  
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE  
To be purchased directly from the  
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALES OFFICE,  
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,  
or by mail order from  
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,  
51 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2,  
(Tel: 01 – 6476834/35/36/37; Fax: 01 - 6476843)  
or through any bookseller.

(PRN A6/1613) Costas €2.00

Achoimre  
de na  
Bearta Buiséad 2007  
Athruithe Polasaí

Tá an doiciméad seo á fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla. Tá an leagan Gaeilge le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Airgeadais [www.finance.gov.ie](http://www.finance.gov.ie). I gcás aon difríocht idir na leaganacha sa dá theanga, cinnteoidh an Roinn Airgeadais an bhrí cheart atá i gceist agus ní bheidh aon dul thar an gcinntiú sin.

# ACHOIMRE DE BHEARTA BUISEID 2007 – ATHRUITHE POLASAÍ

## CLÁR

**Leathanach**

<b>ROINN I.....</b>	<b>9</b>
BEARTA CÁNACHAIS .....	9
ATHRUITHE AR CHÁIN IONCAIM.....	9
CÁIN IONCAIM EILE .....	10
ATHRUITHE ÁSPC .....	12
MÁIL .....	12
CBL .....	13
CÁNACHAS FEIRMEOIRÍ.....	14
CÁIN GHNÓCHAN CAIPITIÚIL .....	16
CÁIN CHORPARÁIDE .....	16
DLEACT STAMPÁLA .....	17
SCÉIMEANNA LIÚNTAS CAIPITIÚIL AGUS DREASACHTA CÁNACH.....	18
AICMIÚ AR FHAOSIMH CHÁNACH	
AN ÁIT A DTÉANN CAITEACHAIS CHÁNACH.....	19
<b>ROINN II.....</b>	<b>20</b>
BEARTA CAITEACHAIS .....	20
GNÓTHAÍ SÓISIALACHA AGUS TEAGHLAIGH .....	20
FIONTAR, TRÁDÁIL & FOSTAÍOCHT.....	23
SLÁINTE & LEANAÍ.....	23
OIDEACHAS & EOLAÍOCHT .....	24
GNÓTHAÍ POBAIL, TUAITHE & GAELTACHTA .....	24
COMHSHAOL, OIDHREACTH & RIALTAS ÁITIÚIL .....	24
COSAINTE .....	25
EALAÍONA, SPÓIRT & TURASÓIREACTH .....	25
TALMHAÍOCHT & BIA .....	25
CUMARSÁID, MARA AGUS ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA .....	26

## ROINN I

### BEARTA CÁNACHAIS

#### ATHRUITHE AR CHÁIN IONCAIM

##### **An Pacáiste Cánach Pearsanta**

Seo a leanas na príomh-mhíreanna, mar aon leis na costais atá ag gabháil leo<sup>3</sup>, den phacáiste cánach pearsanta, a bheidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2007:

Athruithe ar Cháin Ioncaim	Costas don Bhliain Iomlán ( €m)																																													
Creidmheasanna Pearsanta ardaithe €130 singil/€260 pósta go dtí €1,760 singil/€3,520 pósta	625																																													
Creidmheas Cánach Fostaí ardaithe €270 go dtí €1,760																																														
Bandaí Rátaí Caighdeánacha Nua ón 1 Eanáir 2007:	365																																													
<table style="width: 100%; border-collapse: collapse;"> <thead> <tr> <th style="width: 60%;"></th> <th style="text-align: center; border-bottom: 1px solid black;"><u>Reatha</u></th> <th style="text-align: center; border-bottom: 1px solid black;"><u>Beartaithe</u></th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>Singil</td> <td style="text-align: center;">€32,000</td> <td style="text-align: center;">€34,000</td> </tr> <tr> <td>Pósta, Ioncam Amháin</td> <td style="text-align: center;">€41,000</td> <td style="text-align: center;">€43,000</td> </tr> <tr> <td>Pósta Dhá Ioncam<sup>1</sup></td> <td style="text-align: center;">€64,000</td> <td style="text-align: center;">€68,000</td> </tr> <tr> <td>Tuismitheoir Aonair/i mBaintreachas</td> <td style="text-align: center;">€36,000</td> <td style="text-align: center;">€38,000</td> </tr> </tbody> </table>		<u>Reatha</u>	<u>Beartaithe</u>	Singil	€32,000	€34,000	Pósta, Ioncam Amháin	€41,000	€43,000	Pósta Dhá Ioncam <sup>1</sup>	€64,000	€68,000	Tuismitheoir Aonair/i mBaintreachas	€36,000	€38,000																															
	<u>Reatha</u>	<u>Beartaithe</u>																																												
Singil	€32,000	€34,000																																												
Pósta, Ioncam Amháin	€41,000	€43,000																																												
Pósta Dhá Ioncam <sup>1</sup>	€64,000	€68,000																																												
Tuismitheoir Aonair/i mBaintreachas	€36,000	€38,000																																												
Ardráta laghdaithe 1%	42%      41%	186 <sup>2</sup>																																												
Teorainneacha Diolúine Aoise (singil/pósta) ardaithe ó €17,000/€34,000 go dtí €19,000/€38,000	27																																													
Creidmheasanna Eile ón 1 Eanáir 2007:																																														
<table style="width: 100%; border-collapse: collapse;"> <thead> <tr> <th style="width: 60%;"></th> <th style="text-align: center; border-bottom: 1px solid black;"><u>Reatha</u></th> <th style="text-align: center; border-bottom: 1px solid black;"><u>Beartaithe</u></th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>Duine i mBaintreachas</td> <td style="text-align: center;">€500</td> <td style="text-align: center;">€550</td> </tr> <tr> <td>Tuismitheoir i mBaintreachas:</td> <td></td> <td></td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Bliain 1</td> <td style="text-align: center;">€3,100</td> <td style="text-align: center;">€3,750</td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Bliain 2</td> <td style="text-align: center;">€2,600</td> <td style="text-align: center;">€3,250</td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Bliain 3</td> <td style="text-align: center;">€2,100</td> <td style="text-align: center;">€2,750</td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Bliain 4</td> <td style="text-align: center;">€1,600</td> <td style="text-align: center;">€2,250</td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Bliain 5</td> <td style="text-align: center;">€1,100</td> <td style="text-align: center;">€1,750</td> </tr> <tr> <td>Daoine Dalla:</td> <td></td> <td></td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Singil</td> <td style="text-align: center;">€1,500</td> <td style="text-align: center;">€1,760</td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Pósta (an bheirt dall)</td> <td style="text-align: center;">€3,000</td> <td style="text-align: center;">€3,520</td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Leanbh Éagumasaithe</td> <td style="text-align: center;">€1,500</td> <td style="text-align: center;">€3,000</td> </tr> <tr> <td>Creidmheas Aoise:</td> <td></td> <td></td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Singil</td> <td style="text-align: center;">€250</td> <td style="text-align: center;">€275</td> </tr> <tr> <td style="padding-left: 20px;">Pósta</td> <td style="text-align: center;">€500</td> <td style="text-align: center;">€550</td> </tr> </tbody> </table>		<u>Reatha</u>	<u>Beartaithe</u>	Duine i mBaintreachas	€500	€550	Tuismitheoir i mBaintreachas:			Bliain 1	€3,100	€3,750	Bliain 2	€2,600	€3,250	Bliain 3	€2,100	€2,750	Bliain 4	€1,600	€2,250	Bliain 5	€1,100	€1,750	Daoine Dalla:			Singil	€1,500	€1,760	Pósta (an bheirt dall)	€3,000	€3,520	Leanbh Éagumasaithe	€1,500	€3,000	Creidmheas Aoise:			Singil	€250	€275	Pósta	€500	€550	17
	<u>Reatha</u>	<u>Beartaithe</u>																																												
Duine i mBaintreachas	€500	€550																																												
Tuismitheoir i mBaintreachas:																																														
Bliain 1	€3,100	€3,750																																												
Bliain 2	€2,600	€3,250																																												
Bliain 3	€2,100	€2,750																																												
Bliain 4	€1,600	€2,250																																												
Bliain 5	€1,100	€1,750																																												
Daoine Dalla:																																														
Singil	€1,500	€1,760																																												
Pósta (an bheirt dall)	€3,000	€3,520																																												
Leanbh Éagumasaithe	€1,500	€3,000																																												
Creidmheas Aoise:																																														
Singil	€250	€275																																												
Pósta	€500	€550																																												
Tairseach an Tobhaigh Sláinte ardaithe ó €440 sa tseachtain go dtí €480 sa tseachtain	44 (34)																																													
Ráta ardaithe 0.5% go dtí 2.5% do shaothróirí a bhfuil a n-ioncam sin níos mó ná €1,925 sa tseachtain (€100,100 sa bhliain)	32																																													
Tá tairseach ÁSPC ardaithe ó €300 sa tseachtain go €339 sa tseachtain																																														
<b>Iomlán</b>	<b>1,262</b>																																													

Tá tuilleadh mionsonraí faoi na príomh-mhíreanna cánach ioncaim den phacáiste leagtha amach in Iarscríbhinn A.

<sup>1</sup> Le haistriú uasta idir céilí de €41,000 i 2006 agus €43,000 i 2007

<sup>2</sup> Glan ó chostas d'fhaoisimh chánach gaolmhar 42% e.g. pinsin

<sup>3</sup> Costais slánaithe go dtí an €1 milliún is gaire i ngach cás de réir mar is cuí

## **CÁIN IONCAIM EILE**

### **Faoiseamh Úis Mhorgáiste**

Tá an uasteorainn blaintúil reatha ar an méid úis is féidir a cheadú ar mhorgáiste do chéad cheannaitheoirí á dúbailt ó €4000/€8000 daoine singil/pósta go dtí €8000/€16,000 singil/pósta. Beidh an faoiseamh ardaithe seo ar fáil do chéad cheannaitheoirí atá ina gcéad seacht mbliana de mhorgáiste.

Tá an uasteorainn do cheannaitheoirí eile nach céad cheannaitheoirí iad ardaithe freisin ó €2,540/€5,080 do dhaoine singil/pósta go €3,000/€6,000 do dhaoine singil/pósta.

**Meastar costas na mbeart seo a bheith €50 milliún i 2007 agus €70 milliún i mbliain iomlán.**

### **Scéim um Fhairsingiú Gnó (SFG) agus Scéim Síol-Chaipitil (SSC)**

Déanfar athnuachan ar an Scéim um Fhairsingiú Gnó ón 1 Eanáir 2007 ar feadh tréimhse seacht mbliana go dtí an 31 Nollaig 2013. Ardófar an teorainn cuideachta SFG ón leibhéal reatha de €1 go €2 milliún, faoi réir uasmhéid de €1.5 milliún a chruinniú i dtréimhse dhá mhí dhéag. Ardófar an teorainn infheisteora ón leibhéal reatha de €31,750 go €150,000.

Chun dóthain ama a thabhairt do chistí ainmnithe SFG maoiniú a chruinniú ó infheisteoirí, tá sé beartaithe foráil a dhéanamh, sa chás go ndéanfar aon mhéid a fhaigheann Ciste Ainmnithe go dtí an 31 Eanáir 2007 a infheistiú i gcuideachtaí a cháilíonn roimh an 31 Nollaig 2007, beidh an rogha ag infheisteoirí aonair a d'íoc síntiús sna cistí sin faoiseamh cánach a éileamh ar an infheistíocht a rinne siad sa bhliain cánach 2006 nó 2007. Ar an gcaoi chéanna, sa chás go ndéanfaidh infheisteoirí infheistiú díreach i gcuideachtaí SFG a cháilíonn, agus go ndéanfar scaireanna incháilithe a eisiúint roimh an 31 Eanáir 2007, beidh an rogha ag an infheisteoir faoiseamh cánach a éileamh ar an infheistíocht a dhéanfar i 2006 nó i 2007.

Déanfar athnuachan ar an Scéim Síol-Chaipitil freisin ón 1 Eanáir 2007 ar feadh tréimhse seacht mbliana go dtí an 31 Nollaig 2013. Ligeann an SSC d'fhostaithe a fhágann a gcuid fostaíochta chun infheistiú i ngnólachtaí nua ar leith agus post a ghlacadh sa ghnólacht iomchuí éileamh a dhéanamh ar aisíoc cánach ar feadh tréimhse suas le sé bliana roimhe sin. Is féidir le duine dífhostaithe nó duine a chaill a phost de bharr na hiomarcaíochta éileamh a dhéanamh ar an bhfaoiseamh sin freisin. Braitheann leibhéal aisíoc cánach an duine aonair ar an leibhéal infheistíochta agus an méid cánach a d'íoc an duine aonair sna blianta roimhe sin.

Beidh feidhm ag an teorainn SFG nua de €2 mhilliún freisin leis an SSC, faoi réir uasmhéid de €1.5 milliún a bheith cruinnithe i dtréimhse dhá mhí dhéag. Ardófar an teorainn infheisteora ón leibhéal reatha de €31,750 go €100,000.

De bhrí gur cúnaimh Stáit iad an SFG agus an SSC, éileoidh leanúint ar aghaidh na scéimeanna agus na n-athruithe atá molta ceadú ón gCoimisiún Eorpach agus beidh siad faoi réir mheasúnú ón gCoimisiún faoi na treoirlínte nua “Treoirlínte an Chomhphobail ar Chúnaimh Stáit chun Infheistíochtaí Caipitil Riosca i bhFiontair Bheaga agus i bhFiontair Mheánmhéide a Chur Chun Cinn” (2006/C194/02) arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach an 18 Lúnasa 2006.

Tabharfar tuilleadh leasuithe teicniúla chun cinn sa Bhille Airgeadais.

**Meastar costas na mbeart seo a bheith €18 milliún i 2007 agus €25.4 milliún i mbliain iomlán.**

## **Liúntas do Chíos a Íocann Tionóntaí Áirithe**

Tá an leibhéal uasta cíosa a íoctar ar chóiríocht phríobháideach ar cíos ar ar féidir faoiseamh cánach a éileamh, ag an ráta caighdeánach cánach, á ardú do dhaoine faoi 55 bliana d'aois, ó €1,650 go dtí €1,800 sa bhliain do dhuine singil agus ó €3,300 go dtí €3,600 sa bhliain do dhaoine i mbaintreachas agus do dhaoine pósta. Is ionann sin agus creidmheas cánach de €360 sa bhliain do dhaoine singil agus €720 do dhaoine i mbaintreachas agus do dhaoine pósta. I gcás daoine atá 55 bliana d'aois agus os a chionn, tá an leibhéal uasta de chíos íoctha ar ar féidir faoiseamh cánach a éileamh á ardú ó €3,300 go dtí €3,600 sa bhliain do dhuine singil agus ó €6,600 go dtí €7,200 sa bhliain do dhaoine i mbaintreachas agus do dhaoine pósta. Is ionann sin agus creidmheas cánach de €720 sa bhliain do dhaoine singil agus €1,440 sa bhliain do dhaoine i mbaintreachas agus do dhaoine pósta.

**Meastar go gcosnóidh an beart seo €2.5 milliún i 2007 agus €3.5 milliún i mbliain iomlán.**

## **Faoiseamh Fheighil Leanaí**

Cuireadh tús i mbuiséad 2006 le díolúine de suas le €10,000 sa bhliain ar ioncam ó fheighil leanaí i gcás go mbíonn duine aonair i bhfeighil suas le triúr leanaí, nach léi/leis féin iad, i dteach an fheighlí féin. Má bhíonn an t-ioncam fheighil leanaí níos mó ná sin, beidh an méid iomlán inchánach, mar is gnáth, faoi fhéinmheasúnú. Tá an teorainn á ardú ó €10,000 go €15,000.

**Meastar go gcosnóidh an beart seo €1.4 milliún i 2007 agus €2 milliún i mbliain iomlán.**

## **Cánachas ar Shochar Dífhostaíochta – Oibrithe Gearrthearma Córasacha**

Síneadh ar an díolúine speisialta cánach le haghaidh sochair dhífhostaíochta d'oibrithe gearrthearma córasacha gan chríoch.

**Meastar go gcosnóidh sé sin thart ar €0.7 milliún i 2007.**

## **Scéim Seomra ar Cíos**

Moltar ón 1 Eanáir 2007, go gcuirfí deireadh le húsáid na Scéime Seomra ar Cíos sa chás go bhfaightear an cíos ó dhaoine bainteacha a éilíonn faoiseamh cíosa ag an am céanna.

**Meastar go dtabharfaidh an beart seo €0.2 mhilliún i 2007 agus €0.2 milliún i mbliain iomlán.**

## **Ardú ar na Rátaí Sonraithe maidir le hÍasachtaí Baile Tosaíochta agus Íasachtaí Eile**

Gearrtar cáin ioncain ar fhostaí a fhaigheann íasacht tosaíochta ar an difríocht idir an t-ús a íoctar agus an méid a bheith iníoctha ag na rátaí “sonraithe” úis d'íasachtaí. Chun arduithe i rátaí úis a léiriú, tá an ráta sonraithe i ndáil le hiasachtaí baile á n-ardú ó 3.5% go 4.5% agus tá an ráta sonraithe i ndáil le hiasachtaí eile á n-ardú ó 11% go 12%. Beidh feidhm leis na hathruithe sin ón 1 Eanáir 2007.

**Meastar go dtabharfaidh an beart seo €3 mhilliún i 2007 agus €4 milliún i mbliain iomlán.**

## **Athrú Riaracháin ar Cháin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce**

Is féidir Cáin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce a aisíoc le duine aonair faoi láthair atá díolmhaithe ó cháin ioncain má bhíonn an duine sin nó céile an duine sin os cionn 65 bliain d'aois nó buanéagumasaithe. Tá na rialacha maidir le daoine den sórt sin á n-athrú anois agus mar sin beidh na daoine sin ábalta a bhforais airgeadais féin a chur ar an eolas maidir lena stádas agus gheobhaidh siad an t-ús gan asbhaint Cháin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce. Beidh na hathruithe sin san áireamh i mBille Airgeadais 2007.

**Ní bhaineann an beart seo leis an Státchiste toisc gur athrú riaracháin atá i gceist leis.**

## **Athruithe Riaracháin chun cuidiú le Cáiníocóirí Faoisimh a Éileamh**

Tabharfar isteach roinnt athruithe maidir le nósanna imeachta riaracháin agus beidh sé níos éasca do cháiníocóirí na faoisimh atá siad ina dteideal a éileamh. Maidir le 2007 cuirfear gach creidmheas cánach aois-choibhneasa, nuair is féidir, chun sochair an cháiníocóra go huathoibríoch nuair is féidir dáta breithe fíoraithe a aimsiú trí thaifid na gCoimisinéirí Ioncaim nó trí thaifid Leasa Shóisialaigh. Beidh córas i bhfeidhm chun faoiseamh cánach ar bhallaíochtaí ceardchumann a chur chun sochair go huathoibríoch, bunaithe ar liostaí comhaltachta na gceardchumann. Tá sé beartaithe maidir le 2008 aistriú, nuair is féidir sin, chuig aisíocaíochtaí uathoibreacha i ndáil le speansais ospidéal nach n-aisíoctar, costais chógaslanna do dhrugaí ar oideas agus táillí teagaisc áirithe an méid agus is féidir sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as tríú páirtithe cuí. Déanfar faoiseamh cánach a bhíonn dlite ar árachas liachta a íocann fostóirí agus a bhí faoi réir cánachas sochair chomhchineála a chur san áireamh go huathoibríoch i gcreidmheas cánach an fhostaí. Leanfar ag cur nósanna imeachta den sórt céanna i bhfeidhm in am tráth ar speansais tithe altranais agus ar speansais liachta eile a cháilíonn d'fhaoiseamh cánach.

## **Tairseach do Dheimhnithe Imréitigh Cánach**

Tá an tairseach idirbhearta a éilíonn an gá a bhíonn le deimhniú imréitigh cánach chun conradh nó deontas earnála poiblí a dhámhadh á ardú anois ó €6,500 mar atá faoi láthar go €10,000, le héifeacht ón 1 Eanáir 2007. Forálfar don teorainn nua i gciocláin na Roinne Airgeadais a eiseofar gan mhoill. Leagfaidh na ciorcláin amach na nósanna imeachta nuashonraithe freisin maidir le hoibriú an chórais imréitigh cánach.

## **ATHRUITHE ÁSPC**

### **Uasteorainn bhliantúil ÁSPC Fostaí**

Ón 1 Eanáir 2007, ardóidh an uasteorainn ranníoca ÁSPC ó €46,600 go dtí €48,800.

**Sin de réir na toimhde atá déanta don Ioncam ÁSPC mar atá leagtha amach sna Meastacháin do na Seirbhísí Poiblí.**

### **Tairseach Sheachtainiúil ÁSPC Fostaí**

Ón 1 Eanáir 2007, ardóidh tairseach sheachtainiúil fhostaí do dhliteanas ÁSPC ó €300 go dtí €339.

**Cosnóidh sé seo €29.3 milliún i 2007 agus €32 milliún i mbliain iomlán.**

## **MÁIL**

### **Mál Tobac**

Ardófar an Dleacht Máil ar bhosca 20 toitín 50 ceint (CBL san áireamh) agus déanfar ardú pro-rata ar na táirgí eile tobac, le héifeacht ó mheánoíche an 6 Nollaig 2006.

Meastar go mbeidh toradh de €2 milliún ar an mbeart sin i 2006 agus €112 milliún i 2007.

### **Laghdú Dhleacht Máil ar Olaí Théamh Tí (Ceirisín agus GLP)**

Ísleofar an Dleacht Máil ar Cheirisín ó €16 in aghaidh an 1,000 lítear go nialas. Ísleofar an Dleacht Máil ar GLP ó €10 in aghaidh an 1,000 lítear go nialas. Beidh éifeacht leis na híslithe sin ó 1 Eanáir 2007. Leis sin leantar leis an tiomantas i mBuiséad na bliana seo caite nuair a íslíodh na rátaí sin a leath.

**Meastar go gcosnóidh an beart sin €24 milliún i 2007.**

## **Faoiseamh CCF do Charranna Leictreacha a Thabhairt isteach**

Tabharfar isteach faoiseamh CCF de 50% do charranna leictreacha – carranna atá in ann oibriú ar cheallra in-athluchtaithe agus sin amháin – ar bhonn píolótach bliana, le héifeacht ó 1 Eanáir 2007. Soláthrófar tuilleadh mionsonraí sa Bhille Airgeadais.

**Ní dócha go mbeidh costas suntasach ag baint leis an mbeart seo.**

## **Cáin Cláraithe Feithiclí (CCF) – Comhchomhairle Phoiblí**

Tá sé beartaithe an córas reatha CCF a athrú le go gcuirfear saincheisteanna comhshaoil san áireamh níos mó, go háirithe astuithe Dhé-ocsaíd Charbóin (CO<sub>2</sub>). Rachfar i mbun comhchomhairle poiblí maidir leis sin d'fhonn beart den sórt sin a dhéanamh le héifeacht ó spriocdháta an 1 Eanáir 2008. Iarrtar ar pháirtithe leasmhara aighneachtaí a sheoladh ar aghaidh faoin 1 Márta 2007. Tá tuilleadh eolais maidir leis sin ar fáil in Iarscríbhinn D agus ar láithreán gréasáin na Roinne Airgeadais, [www.finance.gov.ie](http://www.finance.gov.ie)

Iarrtar ar pháirtithe leasmhara freisin aighneachtaí a sheoladh ar aghaidh faoin 1 Márta 2007 i ndáil le mótarcháin bhliantúil a athchothromú chun dreasacht a chur ar fáil don phobal a bhfuil gluaisteáin acu gluaisteáin níos glaine a thiomáint agsu chun pionós a ghearradh i ndáil le gluaisteáin a mbíonn leibhéil astuithe (CO<sub>2</sub>) níos airde acu. Tá tuilleadh eolais maidir leis sin ar fáil in Iarscríbhinn E agus ar láithreán gréasáin na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, [www.environ.ie](http://www.environ.ie)

## **CBL**

### **Tairseacha Clárúcháin CBL d'Fhiontair Bheaga agus d'Fhiontair Mheánmhéide**

Tá na tairseacha clárúcháin CBL do ghnólachtaí beaga á méadú ó €27,500 go dtí €35,000 i gcás seirbhísí agus ó €55,000 go dtí €70,000 i gcás earraí. Beidh feidhm leis na méaduithe sin ó 1 Márta 2007. Laghdóidh sé sin an t-ualach riaracháin do na gnólachtaí beaga agus do na Coimisinéirí Ioncaim. Leis sin, d'fhéadfadh nach mbeadh ar thart ar 8,000 cuideachta CBL a íoc.

**Meastar go gcosnóidh an beart seo €35 milliún i 2007 agus €53 milliún i mbliain iomlán.**

### **Tairseach Cuntasaíochta Airgid CBL**

Ardófar an tairseach cuntasaíochta airgid CBL bliantúil do ghnólachtaí beaga ó €635,000 go €1,000,000 le héifeacht ó 1 Márta 2007. Leis sin, déanfar riarachán a shimpliú agus laghdófar riachtanais chaipitil oibre.

**Meastar go mbeidh costas shreabhadh airgid aon uaire de €35 milliún ann i 2007 mar thoradh ar an mbeart sin.**

### **Laghdú ar Mhinicíocht na nÍocaíochtaí CBL do Ghnólachtaí Beaga**

Laghdófar minicíocht íocaíochtaí CBL i gcás gnólachtaí beaga a sheasann faoi láthair ag 6 íocaíocht sa bhliain le héifeacht ó mí Iúil 2007. I gcás gnólachtaí atá faoi dhliteanas bliantúil de €3,000 nó níos lú, beidh an rogha ann íocaíochtaí a dhéanamh faoi dhó sa bhliain. I gcás gnólachtaí atá faoi dhliteanas bliantúil idir €3,001 agus €14,400, beidh an rogha ann íocaíochtaí a dhéanamh gach ceithre mhí. Leis sin, laghdófar costais chomhlíonta na ngnólachtaí a bheidh i gceist.

**Meastar go mbeidh costas shreabhadh airgid aon uaire de €49 milliún ann i 2007 mar thoradh ar an mbeart sin.**



### **Faoiseamh CBL maidir le Comhdhálacha**

I rith 2007, tabharfar isteach sainbheart lena gceadófar in-asbhainteacht CBL ar chostais chóiríochta a bhaineann le comhdhálacha. Leagfar amach sonraí iomlána an bhirt sa Bhille Airgeadais.

**Meastar go gcosnóidh an beart seo €5 milliún i 2007 agus €8 milliún i mbliain iomlán.**

### **Laghdú ar an ráta CBL ar Shuíocháin Ghluaisteáin do Leanaí**

Laghdófar an ráta CBL ar shuíocháin ghluaisteáin do leanaí ó 21% go 13.5% le héifeacht ó 1 Bealtaine 2007. Níl cead rogha an ráta a ghearradh go nialas faoi Dhlí an AE.

**Cosnóidh an beart seo níos lú ná €0.25 milliún.**

### **Athbhreithniú ar CBL ar Idirbhearta Maoine – Comhchomhairle Poiblí**

Rinne na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar an gcóras reatha maidir le CBL a ghearradh ar idirbhearta maoine le dhá bhliain anuas. Moltar san athbhreithniú go ndéanfaí athruithe suntasacha ar an gcóras. Tá gá aghaidh a thabhairt ar chastacht an réimse cánach sin, ach mar gheall ar thábhacht an réimse, tá sé beartaithe dul i mbun próisis leathan comhchomhairle poiblí le páirtithe leasmhara sula gcinnefar aon athruithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm go cuí in Acht Airgeadais na bliana 2008. Cuirfear tuilleadh eolais, lena n-áirítear iarratas go seolfadh páirtithe leasmhara aighneachtaí ar aghaidh, ar fáil faoi lár mhí na Nollag ar láithreán gréasáin na Roinne Airgeadais, [www.finance.gov.ie](http://www.finance.gov.ie) agus ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie).

## **CÁNACHAS FEIRMEOIRÍ**

### **Breisiú Ráta Comhréidh CBL Feirmeoirí**

Ardófar breisiú ráta comhréidh CBL na bhfeirmeoirí ó 4.8% go 5.2% le héifeacht ó 1 Eanáir 2007. Tá an ráta comhréidh leagtha amach chun cúiteamh a thabhairt d'fheirmeoirí nach bhfuil cláraithe do CBL ó thaobh an CBL a thabhaíonn siad ar a gcuid ionchuir.

**Meastar go gcosnóidh an beart seo €13.5 milliún i 2007 agus €16 milliún i mbliain iomlán.**

### **Ráta CBL Beostoic**

Ní thiocfaidh aon athrú ar an ráta CBL a ghearrann feirmeoirí cláraithe agus gnólachtaí eile ar bheostoc agus ar chúnna beo a sholáthar agus ar chapail a fhruilleú atá ag 4.8%.

### **Faoiseamh Stoic Feirmeoirí**

Tá síneadh dhá bhliain breise á chur leis an bhfaoiseamh stoic ginearálta 25 faoin gcéad d'fheirmeoirí agus leis an bhfaoiseamh stoic dreasachta speisialta 100 faoin gcéad d'fheirmeoirí óga traenáilte áirithe atá ann faoi láthair ó 1 Eanáir 2007 faoi réir ag cead a fháil, faoi rialacha um chúnann Stáit, ón gCoimisiún Eorpach.

**Meastar go gcosnóidh an beart seo thart ar €2 milliún i 2007 agus i mbliain iomlán.**

### **Díolúine ar Thalamh Léasaithe**

Bíonn feidhm le díolúintí áirithe maidir le hioncam ó léasanna áirithe ar thalamh feirme. Tionscnófar díolúine nua de €20,000 sa bhliain i gcás léasanna a mhairfidh deich mbliana nó níos faide ó 1 Eanáir 2007. Tá an beart seo faoi réir ag cead a fháil, faoi rialacha um chúnann Stáit, ón gCoimisiún Eorpach.

**Meastar go gcosnóidh an beart seo thart ar €0.5 milliún i 2007 agus €1 milliún i mbliain iomlán.**

## **Scéim Liúntas Caipitiúil do Chuóta Baine**

Leasófar an scéim maidir le liúntais chaipitiúla do chuóta bainne lena chinntiú go mbeidh an faoiseamh sin ar fáil do chuóta a cheannófar faoin gCóras nua Trádála do Chuótaí Baine.

**Meastar nach mbeidh mórán bainte ag an mbeart seo leis an Státchiste.**

## **Síneadh le Faoiseamh Dleachta Stampála do Chomhdhlúthú Feirme**

Tionscnaíodh faoiseamh dleachta stampála ar mhalartuithe talamh feirme idir beirt fheirmeoirí chun na críocha sealúchais gach feirmeora a chomhdhlúthú an 1 Iúil 2005 do thréimhse dhá bhliain. Cuirfear síneadh dhá bhliain breise go dtí an 30 Meitheamh 2009 leis an bhfaoiseamh. Sínfear an faoiseamh freisin chuig malartuithe talún cáilitheacha áit nach mbeidh a shéalúchas/a séalúchas á chomhdhlúthú ach ag feirmeoir amháin. I gcásanna den sórt sin féadfaidh an bheirt feirmeoirí cáiliú d'fhaoiseamh, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an bheirt feirmeoirí coinníollacha eile an fhaoisimh. Beidh na hathruithe sin san áireamh i mBille Airgeadais 2007. Mar sin féin, braithfidh tús a chur leis na hathruithe sin ar chead Chúnaimh Stáit a fháil ón gCoimisiún Eorpach.

**Meastar go gcosnóidh an beart seo €0.4 milliún i 2007 agus €0.6 milliún sna blianta ina dhiaidh sin.**

## **Athruithe ar Fhaoiseamh Dleachta Stampála d'Fheirmeoirí Óga Traenáilte**

Tá dleacht stampála ar fáil d'fheirmeoirí a fhaigheann talamh, atá faoi bhun 35 bliain d'aois agus a bhfuil saintraenáil talmhaíochta orthu. Déanfar leasuithe anois ar na critéir oideachais agus ar an nós imeachta maidir le haisíocaíochtaí i ndáil leis an bhfaoiseamh sin. Ar an gcéad dul síos, is é Ard-Teastas Leibhéal 6 i dTalmhaíocht de chuid FETAC a bheidh mar an t-íosriachtanas oideachais nua ó 31 Márta 2008; ar an dara dul síos tá teidil na gcúrsaí tríú leibhéal cáilitheacha á dtabhairt cothrom le dáta; agus ar deireadh tá an nós imeachta maidir le haisíocaíochtaí á simpliú. Is iad seo a leanas na hathruithe atá á ndéanamh ar an nós imeachta maidir le haisíocaíochtaí:

- tá an teorainn ama inar féidir le feirmeoirí óga traenáilte a n-oideachas a thabhairt chun críche i ndiaidh an aistriú á síneadh ó 3 go 4 bliana,
- tá deireadh á chur leis an riachtanas reatha maidir le híosghnóthachtálacha oideachais ag dáta an aistriú,
- tá deireadh á chur freisin leis an riachtanas atá ann go ndéanfaí an t-éileamh ar aisíocaíocht laistigh de 6 mhí ó cháilíocht a bhaint amach, agus
- cuirfear tús leis an tréimhse 5 bliana a n-éilítear go gcoinneodh feirmeoir óg traenáilte an fheirm agus an talamh ó dháta an éilimh ar aisíocaíocht.

Beidh na hathruithe sin san áireamh i mBille Airgeadais 2007.

**Ní mheastar go mbeidh costas mór ag baint leis na hathruithe sin.**

## **Faoiseamh Scoir ó Cháin Ghnóchan Caipitiúil – Talamh Léasaithe a Dhiúscairt**

Bíonn díolúine ó CGC i bhfeidhm i gcás daoine aonair atá in aois 55 bliain agus os a chionn sin a dhiúscaíonn sócmhainní cáilitheacha gnó nó feirmeoireachta. Ní mór go mbeidh sócmhainn feirmeoireachta faoi úinéireacht agus á húsáid do chríocha feirmeoireachta ar feadh deich mbliana ar a laghad sula ndéanfar í a dhiúscairt chun cáiliú faoin bhfaoiseamh. Tá an faoiseamh á shíneadh anois, i gcúinsí áirithe, chuig diúscairtí talún i gcásanna a raibh an talamh á léasú roimh diúscairt. Ní mór na trí choinníoll seo a leanas a chomhlíonadh le go gcaileodh diúscairtí den sórt sin faoin bhfaoiseamh: (a) ní mór go mbeadh an talamh atá i gceist léasaithe ar feadh níos mó ná 5 bliana roimh dhiúscairt, (b) ní mór don talamh a bheith faoi úinéireacht an fheirmeora agus á úsáid aige/aici ar feadh deich mbliana roimh an talamh a ligean don chéad uair agus (c) ní mór an talamh a dhiúscairt chuig an duine a raibh an talamh á léasú aige/aici. Beidh na hathruithe sin san áireamh i mBille Airgeadais 2007.

**Ní féidir costas an bhirt seo a mheas ach níor chóir go mbeadh costas ard i gceist.**

## **Faoiseamh Talmhaíochta ó Cháin Fháiltas Caipitiúil – Príomh-áiteanna Cónaithe Príobháideacha Eisfheirme**

Soláthraítear faoiseamh ó CFC trí fhaoiseamh talmhaíochta CFC ar 90% de luach bronntanais nó oidhreacht. Ní mór go mbeadh 80% de shócmhainní iomlána feirmeora (tar éis an bronntanas/an oidhreacht a fháil) comhdhéanta de shócmhainní talmhaíochta cáilitheacha chun cáiliú don fhaoiseamh. Ní bhreithnítear príomh-áiteanna cónaithe príobháideacha den fheirm mar shócmhainní den sórt sin do chríocha an fhaoisimh sin. Tá an soláthar seo á leasú anois le go bhféadfaidh duine aonair iasachtaí ar phríomh-áit chónaithe príobháideach a fhritháireamh in aghaidh luach na maoin, chun críche na tástála 80%. Beidh na hathruithe sin san áireamh i mBille Airgeadais 2007.

**Ní féidir costas an bhirt seo a mheas ach níor chóir go mbeadh costas ard i gceist.**

## **CÁIN GHNÓCHAN CAIPITIÚIL**

### **Méadú ar Thairseach don Fhaoiseamh Scoir CGC**

Bíonn díolúine ó CGC i bhfeidhm i gcás daoine aonair atá in aois 55 bliain agus os a chionn sin a dhiúscaíonn sócmhainní cáilitheacha gnó nó feirmeoireachta faoi réir ag coinníollacha áirithe. Faightear faoiseamh iomlán i ndáil le diúscairtí a dhéantar chuig leanbh nó an nia/neacht is ansa le duine. Faightear faoiseamh suas go dtí an tairseach de €500,000 ar na diúscairtí eile go léir. Tá an tairseach sin á árdú ó €500,000 go €750,000 ó 1 Eanáir 2007.

**Meastar go gcosnóidh síneadh a chur leis an bhfaoiseamh sin €7 milliún i 2007 agus €10 milliún sna blianta ina dhiaidh sin.**

## **CÁIN CHORPARÁIDE**

### **Scéim Creidmheasa Cánach do Chaiteachas Taighde agus Forbartha**

Tá an caiteachas bunbhliana a ndéantar caiteachas cáilithe breisitheach faoi Thaighde agus Forbairt (T&F) a mheas faoin scéim creidmheasa cánach á shocrú ag 2003 ar feadh 3 bliana eile go dtí 2009. Dá thoradh sin, cruthófar dreasacht bhreise i leith caiteachas ardaithe T&F sna blianta 2007, 2008 agus 2009. Bhí an bhunbhliain 2003 socraithe ar dtús don chéad trí bliana den scéim (2004 go dtí 2006) agus bhí sí le gluaiseacht ar aghaidh go dtí 2004 ar mhaithe leis an gcreidmheas cánach 20% do 2007 a ríomh.

Ón 1 Eanáir 2007, beidh caiteachas cuideachtaí maidir le hobair T&F a thabhairt ar fhochonradh do pháirtithe neamhbhainteacha cáilithe faoin scéim creidmheasa cánach suas le teorainn 10% de chaiteachas T&F cáilitheach in aon bhliain amháin. Beidh sin sa bhreis ar an soláthar atá ann cheana féin faoin scéim maidir le fochonarthaí a thabhairt d'ollscoileanna.

Beidh gá an Coimisiún Eorpach a chur ar an eolas faoi na hathruithe sin ó thaobh cúnaimh stáit.

**Cosnóidh na hathruithe sin €26m i 2007 agus €70m i mbliain iomlán.**

### **Socrúithe íocaíochta réamhchánach do Cháin Chorparáide**

Tá an rogha ag cuideachtaí beaga a gcuid réamhchánach a íoc ag an méid is ísle 90% de dhliteanas deiridh na tréimhse cuntasáíochta reatha nó 100% de dhliteanas deiridh na tréimhse cuntasáíochta roimhe sin. Tá an tairseach do dhliteanas cánach corparáide le go gcaithfear le cuideachta mar chuideachta bheag á ardú ó €50,000 go dtí €150,000. Tiocfaidh sin i bhfeidhm ó dhátaí íocaíochta réamhchánach a eascróidh tar éis 6 Nollaig 2006.

Ní bheidh ar chuideachtaí nua nó ar chuideachtaí atá ag tosú lena mbainfidh dliteanas cánach corparáide de €150,000 nó faoina bhun dá gcéad tréimhse cuntasáíochta réamhchánach a íoc i ndáil leis an gcéad tréimhse cuntasáíochta sin agus ina áit sin beidh orthu a ndliteanas cánach

corparáide deiridh don tréimhse cuntasáíochta sin a íoc an tráth chéanna a mbeidh orthu a dtuairisceáin chánach a chur isteach (9 mí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasáíochta). Beidh éifeacht leis an mbeart seo ó dhátaí íocaíochta réamhchánach a eascróidh tar éis 6 Nollaig 2006.

**Beidh mar thoradh ar na hathruithe sin costas shreabhadh airgid €1 milliún i 2006 agus costas shreabhadh airgid €40 milliún i mbliain iomlán i 2007.**

## **DLEACTH STAMPÁLA**

### **Dleacht Stampála ar Ghníomhais Mhorgáiste**

Bíonn dleacht stampála dlite ar ghníomhais mhorgáiste, mar a bhíonn i ndáil le go leor cáipéisí dlí (ní hionann an dleacht stampála seo agus an ceann a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le tíolacas maoin). Tá díolúine faoi láthair ag príomh-mhorgáistí suas le luach €254,000, agus tá morgáistí ar luachanna níos airde faoi réir dleacht stampála 0.1% faoi réir dleacht uasta €630, cibé i ndáil le maoin chónaitheach nó neamhchónaitheach. Is dleacht seasta de €12.50 go hiondúil a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le morgáistí comhthaobhacha nó breise agus i gcás morgáistí cothromais agus aistrithe morgáistí, is 0.05% a bhíonn sa dleacht go hiondúil, faoi réir uasmhéid de €630. Tá deireadh á chur leis an mírcheann muirir do dhleacht stampála do mhorgáistí maidir le gníomhais mhorgáistí a dhéanfar a fhorghníomhú an 7 Nollaig 2006 nó ina dhiaidh sin.

**Meastar go mbainfidh costas €20m le deireadh a chur leis an mírcheann muirir morgáiste i 2007 agus i mbliain iomlán.**

### **Faoiseamh Dleachta Stampála Nua do Chomhaltaí an Stocmhalartáin**

Moltar go mbreithneofar faoiseamh dleachta stampála nua do chomhaltaí stocmhalartán a thabhairt isteach, i gcomhthéacs an Bhille Airgeadais 2007, faoiseamh a dhéanfaidh comhdhlúthú agus athsholáthar ar fhaoisimh atá ann cheana féin. Tabharfaidh an faoiseamh nua sin i gcomhair na n-idirghníomhairí stocmhargaidh léiriú níos fearr ar chleachtais nua-aimseartha maidir le déileáil i scaireanna. Beidh imlíne ar mhionsonraí an fhaoisimh sin sa Bille Airgeadais.

**Tá an beart seo beartaithe a bheith neodrach ó thaobh ioncain.**

### **Díolúine Dleachta Stampála Nua do Chomhlachtaí Spóirt**

Tá díolúine nua ó dhleacht stampála á tabhairt isteach do na comhlachtaí spóirt sin atá clúdaithe faoi Alt 235 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, agus atá i dteideal faoisimh cheana féin ó cháin ioncain agus ó cháin ghnóchan caipitiúil, faoi réir coinníollacha áirithe. Bainfidh an díolúine le ceannacháin talún chun críocha cluichí nó spóirt a chur chun cinn. Áireofar forálacha na díolúine i mBille Airgeadais 2007.

**Meastar go gcosnóidh an togra seo tuairim is €2m i 2007 agus i mbliain iomlán.**

## **SCÉIMEANNA LIÚNTAS CAIPITIÚIL AGUS DREASACHTA CÁNACH**

### **Liúntais Chaipitiúla (agus Speansais) do Charranna Gnó**

Tá an tairseach do luach cairr do charranna gnó á ardú ó €23,000 go dtí €24,000. Bainfidh an tairseach nua le liúntais chaipitiúla agus le muirir léasaithe do charranna nua agus do charranna dara láimhe a bhíonn in úsáid le linn trádála, gairme nó fostaíochta.

I gcás cánach corparáide, bainfidh an tairseach nua le caiteachas a thabhaítear i dtréimhse cuntasáíochta dar críoch an 1 Eanáir 2007 nó ina dhiaidh sin. I gcás cánach ioncaim, bainfidh an tairseach nua le caiteachas a thabhaítear sa tréimhse bunúis don bhliain chánach 2007 agus do na blianta cánach ina dhiaidh sin.

**Cosnóidh an méadú sin €2m i 2007 agus €3.5m i mbliain iomlán.**

### **Faoiseamh Cánach Corparáide d'Infheistiú i nGinúint Fuinnimh Inathnuaite**

Tá an tréimhse cháilithe don scéim faoisimh cánach d'infheistíocht chorparáideach i dtionscadail fuinnimh inathnuaite áirithe á síneadh ón 31 Nollaig 2006 go dtí an 31 Nollaig 2011. Beidh an síneadh sin faoi réir ceadaithe ón gCoimisiún Eorpach ó thaobh cúnaimh stáit, agus tiocfaidh i bhfeidhm trí Ordú Tosach Feidhme a bheidh le déanamh ag an Aire Airgeadais tar éis ceadú den sórt sin a fháil.

**Tá an costas a bhaineann leis an mbeart seo a shíneadh san áireamh cheana féin sa bhonn cánach agus meastar gur €1 milliún a bheidh ann i mbliain iomlán.**

**AICMIÚ AR FHAOSIMH CHÁNACH**  
**AN ÁIT A DTÉANN CAITEACHAIS CHÁNACH**  
**(BLIAIN IS DÉANAÍ 2003)**

<b>A. Córas Cánach Ioncaim – Creidmheasanna agus Faoisimh Phearsanta</b>	<b>€ milliún</b>	<b>€ milliún</b>
1. Creidmheasanna Pearsanta Bunúsacha		5,009
2. Faoisimh Phearsanta		
Sochar Leanaí	327	
Ús Morgáiste	221	
VHI/BUPA etc.	191	
Speansais ÍMAT	112	
Speansais Sláinte	82	
Eile (Sintíúis Cheardchumainn, Cíos, Iomarcaíocht etc.)	80	1,013
<b>B. Lánroghnach/Dreasacht eile</b>		
3. Pinsin		2,889
4. Liúntais Chaipitiúla		
Cuideachtaí	1,020	
Daoine Féinfhostaithe & Feirmeoirí	560	1,580
5. SSIAnna		532
6. Scéimeanna Coigilitis Rialtais		283
7. Eile		
Faoiseamh Cónaithe Cíosa ("Alt 23")	69	
Carthanachtaí	49	
Scéimeanna Roinnt Brabúis	36	
Ealaíontóirí	22	
Scannáin	25	
BES	17	
Cothabháil céilí	15	
Eile (Míreanna Oidhreachta, Faoiseamh Stoic etc.)	108	341
<b>IOMLÁN</b>		<b>11,647</b>

Nóta: Is de bharr slánúchán comhfhigiúirí atá aon neamhréireachtaí dealraitheacha sna hiomláin.

## ROINN II

### BEARTA CAITEACHAIS

#### Nótaí Eolais

Ba chóir na leithdháilte airgeadais atá leagtha amach thíos a léamh i gcomhar leis na méideanna a soláthraíodh sna Meastacháin do Sheirbhísí Poiblí (Imleabhar Achoimrithe) a foilsíodh an 16 Samhain 2006.

#### GNÓTHAÍ SÓISIALACHA AGUS TEAGHLAIGH

**(Féach Iarscríbhinn C freisin, áit a léirítear na hathruithe in uasrátaí íocaíochtaí seachtainiúla ó Eanáir 2007 mar aon le harduithe i Sochar Leanaí ó Aibreán 2007.)**

€1,321.82 milliún an costas iomlán ar fheabhsúcháin leasa shóisialaigh i 2007 agus €1,406.31 milliún i mbliain iomlán.

#### **Rátaí Seachtainiúla Leasa Shóisialaigh**

Beidh ardú €16 ar na huasrátaí pearsanta seachtainiúla i leith gach pinsean Stáit agus pinsean gaolmhar árachais shóisialta ón gcéad sheachtain d'Eanáir 2007. Maidir leis an bPinsean Stáit (Neamh-Ranníocach), beidh ardú €18 ar an uasráta pearsanta seachtainiúil ón gcéad sheachtain d'Eanáir. Beidh feidhm le harduithe dá réir do phinsinéirí ar rátaí laghdaithe.

Beidh ardú €19.10 in aghaidh na seachtaine ar an uasráta pearsanta don Phinsean Sochair Báis d'fhaighteoirí faoi bhun 66 agus beidh ardú €20 in aghaidh na seachtaine ar gach uasráta pearsanta eile. Beidh arduithe dá réir d'éilítitheoirí ar rátaí laghdaithe, ón gcéad sheachtain d'Eanáir 2007.

Ardófar Uasliúntais Daoine Fásta Cáilithe (QAAnna) mar seo a leanas:

- €12.40 in aghaidh na seachtaine don Phinsean Stáit (Ranníocach), don Phinsean Stáit (Eatramhach) agus don Phinsean Easláine nuair a bheidh an duine fásta cáilithe in aois 66 nó os a chionn. Ina theannta sin, íocfar ardú speisialta breise leis na daoine sin (**féach an mhír ar Phinsinéirí thíos**);
- €10.70 in aghaidh na seachtaine don Phinsean Stáit (Ranníocach) agus don Phinsean Stáit (Eatramhach) nuair a bheidh an duine fásta cáilithe faoi bhun 66;
- €11.90 in aghaidh na seachtaine don Phinsean Stáit (Neamhranníocach);
- €14.30 in aghaidh na seachtaine don Phinsean Easláine nuair a bheidh an duine fásta cáilithe faoi bhun 66;
- €13.30 in aghaidh na seachtaine do gach íocaíocht QAA eile.

Cuirfear arduithe dá réir i bhfeidhm sa chás go mbeidh daoine ag fáil íocaíochtaí ag ráta laghdaithe QAA.

Beidh ardú €25.20 in aghaidh na seachtaine freisin, go dtí €207.80, ar an íosráta Sochair Mháithreachais agus Sochair Uchtaithe ó Eanáir 2007.

**Cosnóidh na harduithe thuas €972.75 milliún i 2007 agus i mbliain iomlán.**

#### **Leanaí**

Ardófar Sochar Leanaí €10 in aghaidh na míosa don chéad is don dara leanbh cáilitheach go dtí €160 in aghaidh na míosa agus €10 in aghaidh na míosa don tríú leanbh cáilitheach agus do gach leanbh cáilitheach eile ina dhiaidh sin go dtí €195 in aghaidh na míosa, le héifeacht ó Aibreán 2007.

Ardófar gach ráta liúntais linbh cleithiúnaigh go dtí uasráta nua de €22 in aghaidh na seachtaine ó Eanáir 2007.

Ardófar tairseacha ioncaim maidir le Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh ó shuimeanna idir €15 agus €185 in aghaidh na seachtaine, ag brath ar mhéid an teaghlaigh, ó Eanáir 2007.

Beidh ardú €60 go dtí €180 ar an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua i ndáil le gach leanbh idir 2 agus 11 agus €95 go dtí €285 i ndáil le gach leanbh idir 12 agus, nuair is cuí, 22, le héifeacht ó Mheitheamh 2007.

Beidh ardú €50 in aghaidh na seachtaine go dtí €400 in aghaidh na seachtaine ar thairseach ioncaim an duine fásta chleithiúnaigh maidir le teideal ar leath-ráta liúntais linbh chleithiúnaigh i gcás Sochair do Lucht Cuardaigh Fostaíochta agus Sochar Breoiteachta, le héifeacht ó Eanáir 2007.

Beidh ardú €1,300 go dtí €4,000 ar an Deontas do Thuismitheoir is Baintreach, le héifeacht láithreach.

Méadú €3 milliún ar mhaoiniú don chlár béilí scoile.

**Cosnóidh na bearta sin €209.23 milliún i 2007 agus €243.70 milliún i mbliain iomlán.**

### **Pinsinéirí**

Ardú €10 in aghaidh na seachtaine go dtí €30 in aghaidh na seachtaine sa neamhaird acmhainní don Phinsean Stáit (Neamhranníocach) agus ardú €100 in aghaidh na seachtaine go dtí €200 in aghaidh na seachtaine sa neamhaird fostaíochta ó Eanáir 2007.

Beidh ardú speisialta breise d'uasmhéid €11.30 in aghaidh na seachtaine ar uasráta an Liúntais Duine Fásta Cháilithe (nuair a bheidh an duine fásta cáilithe in aois 66 nó os a chionn), le go mbeidh an uasráta ar €173 in aghaidh na seachtaine, íochta le Pinsean Stáit (Ranníocach), Pinsean Stáit (Eatramhach) nó Pinsean Easláine ó Eanáir 2007.

Beidh ardú €215 go dtí €850 ar an Deontas Méala le héifeacht láithreach.

Áirítear ar fheabhsúcháin ilghnéitheacha eile teideal uathoibríoch ar Phas Taistil Saor in Aisce Compánaigh a chur ar fáil do dhaoine idir 66 agus 74, an dá aois sin san áireamh, a bhíonn neamhábalta de réir míochaine taisteal leo féin, ó Mhárta 2007.

**Cosnóidh na bearta sin €38.16 milliún i 2007 agus €38.40 milliún i mbliain iomlán.**

### **Bochtaine Bhreosla**

Beidh ardú €4 in aghaidh na seachtaine, go dtí €18 ar ráta na Scéime Breosla Náisiúnta, ó Eanáir 2007.

Ardófar an tairseach ioncaim maidir le teideal ar na liúntais bhreosla ó €51 in aghaidh na seachtaine os cionn ráta an Phinsin Stáit (Ranníocaigh) go dtí €100 in aghaidh na seachtaine os cionn an ráta sin ó Eanáir 2007.

**Cosnóidh na bearta sin €35.65 milliún i 2007 agus i mbliain iomlán.**

### **Ag Tacú le Cúramóirí**

Beidh ardú €300 ar an Deontas Sosa i leith Cúraim go dtí €1,500 ó Mheitheamh 2007.

Ardófar an neamhaird ioncaim sheachtainiúil €290(singil)/€580(lánúin) do mheasúnú acmhainne don Scéim Liúntas Cúramóra go dtí €320(singil)/€640(lánúin) faoi seach, ó Aibreán 2007.



Cuirfear fócaíocht nua, ar ionann í agus leath den Liúntas Cúramóra, ar fáil do dhaoine áirithe a bhfuil teidlíocht leasa shóisialaigh eile acu ó Mheán Fómhair 2007.

**Cosnóidh na bearta seo €31.15 milliún i 2007 agus €75.62 milliún i mbliain iomlán.**

### **Daoine in Aois Oibre**

Ardófar an uas-teorainn ar theidlíocht chun fócaíocht bharrchaolaithe liúntais daoine fásta cáilithe €30 go €280 in aghaidh na seachtaine ó Eanáir 2007.

Ardófar an uas-tairseach tuillimh sheachtainiúil ináirithe chun teidlíocht a chinneadh do shochair mháithreachais agus uchtála a bhaineann le tuillimh ó €332 go €350 ó Eanáir 2007.

Ardófar an uas-tairseach ioncaim ar theidlíocht ar fócaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora €25 go €400 in aghaidh na seachtaine ó Bhealtaine 2007.

Feabhsúcháin ar an scéim Forlíonadh Úis Cíos agus Morgáiste lena n-áirítear soláthar a chuireann ar chumas faighteoirí forlíonadh cíos atá curtha ar liosta feithimh Údarás Áitiúla le haghaidh cóiríochta faoin Scéim Cóiríochta ar Cíos, dul i mbun fostaíochta lánaimseartha agus fós a bheith i dteideal an fhorlíonaidh ó Aibreán 2007.

Feabhsúcháin ar an Scéim Liúntais Ar Ais chun Oideachais lena n-áirítear soláthar a cheadaíonn rochtain láithreach ar an scéim do dhuine a chaill a phost de bharr na hiomarcaíochta má bhíonn teidlíocht ag an duine sin ar fócaíocht iomarcaíochta reachtúla agus ar fócaíocht leasa shóisialaigh cáilithe, le feidhmiú le linn 2007.

Leasuithe ilghnéitheacha maidir le tairisí tuillimh agus neamhaird i roinnt scéimeanna lena n-áirítear Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Sochar Cúnaimh Feirme agus Sochar Banchéile Tréigthe, atá le cur i bhfeidhm le linn 2007.

**Cosnóidh na bearta seo €15.65 milliún i 2007 agus €21.04 milliún i mbliain iomlán.**

### **Daoine faoi Mhíchumas**

Teidlíocht ar an ráta iomlán den Liúntas Míchumais a leathnú go dtí gach duine a bhfuil cónaí air nó uirthi in institiúidí ó Eanáir 2007.

Ardú ar mhéid an chaipitil a ndéantar neamhaird de sa tástáil maoinne don Liúntas Míchumais ó €20,000 go €50,000 ó Mheitheamh 2007.

Maoiniú breise do Chomhairle chun forbairt a dhéanamh ar sheirbhís abhcóidíochta pearsanta do dhaoine faoi mhíchumas agus chun an Plean Earnálach Míchumais a chur i bhfeidhm.

**Cosnóidh na bearta seo €16.48 milliún i 2007 agus €16.90 milliún i mbliain iomlán.**

### **Seirbhísí agus Cumarsáid Níos Fearr**

Cuirfear maoiniú breise ar fáil don Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh do chomhairleoireacht póstaí, leanaí agus lucht méala agus do sheirbhísí eile.

Cuirfear maoiniú breise ar fáil d'fheachtais Fheasachta Teidlíochta.

Cuirfear maoiniú ar fáil do dheontas aon uaire d'eagraíochtaí cúramóirí.

**Cosnóidh na bearta seo €2.75 milliún i 2007 agus €2.25 milliún i mbliain amháin.**

## **FIONTAR, TRÁDÁIL & FOSTAÍOCHT**

### **Liúntais FÁS**

Beidh ardaithe i liúntais FÁS, ag teacht leo sin a fhaigheann faighteoirí leasa shóisialaigh á bhfeidhmiú ó Eanáir 2007.

**Cosnóidh sé seo €44.2 milliún i 2007 agus i mbliain iomlán.**

## **SLÁINTE & LEANAÍ**

### **Cúram do Dhaoine Scothaosta**

Soláthar pacáistí cúram baile breise, seirbhís cúram baile níos leithne, leapacha breise do chúram cónaithe, feabhsúcháin ar sheirbhísí cúraim mhaolathaigh agus ar sheirbhísí cúram lae/faoisimh, agus feabhsúchán ar an tacaíocht atá ar fáil faoin Scéim Fóirdheontais i leith Tithe Altranais.

**Cosnóidh na bearta seo thart ar €205m i 2007 agus €255m i mbliain iomlán.**

### **Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas**

Áiteanna lae/faoisimh agus cónaithe breise a sholáthar chomh maith le leathnú ar thacaíocht baile agus ar chúnaimh pearsanta.

Foireann tosaigh bhreise a cheapadh chun cur le leibhéal agus le réimse na seirbhísí tacaíochta ildisciplíneacha atá ar fáil d'aoisigh agus do leanaí faoi mhíchumais intleachtúla, fhisiciúla agus chéadfacha agus dóibh siúd a bhfuil uathachas orthu, ag tabhairt tosaíochta d'fheabhsúchán na seirbhísí measúnaithe agus tacaíochta do leanaí faoi mhíchumais chun béim a chur ar thús Chuid 2 den Acht um Míchumas 2005 ó 1 Meitheamh 2007.

**Cosnóidh na bearta seo thart ar €75m i 2007 agus i mbliain iomlán.**

### **Seirbhísí Meabhairshláinte**

Saoráidí breise mearbhairshláinte phobalbhunaithe a sholáthar, lena n-áirítear lárionaid mheabhairshláinte lae, ospidéal lae agus saoráidí cónaithe pobail.

Foireann tosaigh bhreise a cheapadh chun cur le leibhéal agus le réimse na seirbhísí tacaíochta ildisciplíneacha atá ar fáil d'aoisigh agus do leanaí a bhfuil meabhairghalar orthu chun tacú le feidhmiú leanúnach *A Vision for Change*.

Maoiniú breise chun tacú le feidhmiú leanúnach an *Reach Out – National Strategy for Action on Suicide Prevention 2005 – 2014*.

**Cosnóidh na bearta seo thart ar €25m i 2007 agus i mbliain iomlán.**

### **Cúram Príomha**

Foireann bhreise tulseirbhíse a cheapadh chun tacú le leathadh amach 100 foireann chúraim phríomha bhreise atá á bhforbairt, chomh maith le soláthar maoiniú breise chun tacú le forbairt Chreata Bainistíochta struchtúrtha do Ghalair Ainsealacha.

**Cosnóidh an beart seo thart ar €16m i 2007, meastar, agus €25m i mbliain amháin.**

## **Uilechuimsitheacht Shóisialta**

Maoiniú breise chun tacú le feidhmiú na Straitéise Náisiúnta Drugaí, chun freagraí na tulseirbhíse a dhéileáil le foréigean baile a fheabhsú, chun líon na lárionad cóireála ionsaithe gnéis a ardú, chun na seirbhísí maidir le VEID agus galair ghnéas-tarchurtha a leathnú, agus chun seirbhísí sláinte don Lucht Siúil a fheabhsú.

**Cosnóidh na bearta seo thart ar €14m i 2007 agus €15m i mbliain iomlán.**

## **Liúntais Sláinte**

Beidh arduithe ar liúntais sláinte, ag teacht leo sin a fhaigheann faighteoirí leasa shóisialaigh, á gcur i bhfeidhm ó Eanáir 2007.

**Cosnóidh sé seo €7.7 milliún i 2007 agus i mbliain iomlán, agus cuireadh €1.4 milliún de sin ar fáil i Meastacháin 2007 don tSeirbhís Phoiblí.**

## **Bearta Frith-Andúile**

Tá €1m á chur ar fáil chun tacú le heagraíochtaí a chuidíonn le daoine atá i muinín alcóil nó drugaí agus a spreagann iompar freagrach i leith alcóil a ól. Ar na grúpaí a bhainfidh leas as seo áirítear Cuan Mhuire i mBaile Átha Í, Aiséirí agus Hope House, Béal Easa.

**Cosnóidh sé seo €1m i 2007.**

## **Tacaíochtaí Eile**

Tá maoiniú a chur ar fáil do Chlár Tacaíochta do Thuismitheoirí sna Déaga (€1m), do Scoil Naomh Seosamh do Leanaí Lagamhairc, Drom Conrach (€250,000) agus don Chumann Ostéaporóise (€250,000). Tá maoiniú breise don No Name Club/Club gan Ainm á chur ar fáil ó leithroinnt na Meastachán 2007.

**Cosnóidh sé seo thart ar €1.5m i 2007.**

## **OIDEACHAS & EOLAÍOCHT**

### **Liúntais Oideachais**

Beidh arduithe ar liúntais do scéimeanna oideachais ar leith, ag teacht leo sin a fhaigheann faighteoirí leasa shóisialaigh, á gcur i bhfeidhm ó Eanáir 2007.

**Cosnóidh sé seo €8.15 milliún i 2007 agus i mbliain iomlán, agus cuireadh €1.15 milliún de sin ar fáil i Meastacháin 2007 do Sheirbhísí Poiblí.**

## **GNÓTHAÍ POBAIL, TUAITHE & GAELTACHTA**

### **Scéim Sóisialta Tuaithe**

Beidh arduithe ar liúntais na Scéime Sóisialta Tuaithe ag teacht leo sin a fhaigheann faighteoirí leasa shóisialaigh, á gcur i bhfeidhm ó Eanáir 2007.

**Cosnóidh sé seo €2.8 milliún i 2007 agus i mbliain amháin.**

## **COMHSHAOL, OIDHREACTH & RIALTAS ÁITIÚIL**

### **Scéim Feabhsúcháin Áitiúil (L.I.S.) do Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad**

Tá acmhainní breise á gcur ar fáil leis an leibhéal tacaíochta d'fheabhsúchán na mbóithre L.I.S. a ardú agus a choinneáil.

**Cosnóidh an beart seo thart ar €10 milliún i 2007.**

## **Ciste Rialtais Áitiúil**

Tá leithdháileadh breise á dhéanamh leis an gCiste Rialtais Áitiúil i 2007 chun cuidiú leis na húdaráis áitiúla áirithe is mó atá faoi bhrú ag na costais oibríochtúla breise a bhaineann le hinfrastruchtúr seirbhísí nua uisce.

**Cosnóidh an beart seo €10 milliún i 2007.**

## **COSAINT**

### **Cartlann na bPinsean Míleata**

Tá soláthar ar leith á dhéanamh leis an Roinn Cosanta chun tacú le caomhnú agus inrochtaineacht Chartlann na bPinsean Míleata don phobal.

**Cosnóidh an beart seo €100,000 i 2007.**

## **EALAÍONA, SPÓIRT & TURASÓIREACHT**

### **Cluichí Oilimpeacha Speisialta na hÉireann**

Tá leithdháileadh aonuaire á dhéanamh le Cluichí Oilimpeacha Speisialta na hÉireann i 2007 chun tacú le hobair luachmhar na heagraíochta trí chuidiú léi a costais reatha a sheasamh.

**Cosnóidh an beart seo €2 mhilliún i 2007.**

## **TALMHAÍOCHT & BIA**

### **Scéim Bunaithe Bithfhuinnimh**

Is scéim nua í seo a chuirfidh deontais bhunaithe ar fáil d'fheirmeoirí a bhfuil suim acu i gcur sailí agus miscanthus don bhithfhuinneamh (teas agus leictreachas). Níl táirgeadh na mbarraí seo forbartha go maith in Éirinn ag éirí as ardchostais bunaithe go príomha, costais €2,800 per heicteár don miscanthus agus €2,900 don saileach. Tá an scéim á tabhairt isteach ar feadh tréimhse teoranta agus beidh gá le faomhadh an AE do thacaíocht stáit.

**Tá €2m á chur ar fáil i 2007 don bheart seo agus cuirfear €2.5m agus €3.5m eile ar fáil i 2008 agus 2009 faoi seach.**

### **Cúnamh Náisiúnta do bharraí fuinnimh**

Cáilíonn barraí fuinnimh faoi láthair do chúnamh €45 in aghaidh an heicteáir ón AE má bhíonn sé i gceist iad a úsáid i dtáirgeadh bithbhreosla agus bithmhaise. Léiríodh nach raibh an cúnamh seo tarraingteach a dhóthain chun borradh a chur faoi fhás barraí fuinnimh in Éirinn. Tá sé i gceist mar sin deontas breise náisiúnta €80 in aghaidh an heicteáir a thabhairt isteach ar leibhéal na préimhe seo ar feadh tréimhse teoranta le borradh a chur faoin táirgeadh chun teacht leis an éileamh ag éirí as an scéim d'fhaoiseamh máil agus le nach ndéanfar freastal ar an éileamh seo trí stoic chothaithe on mhairithe. Teastóidh faomhadh an AE do thacaíocht Stáit ón moladh seo freisin.

Is é an cuspóir atá leis an deontas breise seo ná na réimsí ina bhfuil barraí fuinnimh curtha a ardú ón leibhéal reatha 3,000 heicteár go suas le 70,000 heicteár thar na blianta beaga atá romhainn.

**Meastar go gcosnóidh an beart seo thart ar €1m do 2007 ag ardú go €2.5m i 2008 agus i 2009 faoi seach.**

### **Innealra Bainte Bithmhaise**

Tá scéim speisialta tacaíochta á hullmhú chun cabhair deontais a thabhairt d'innealra bainte bithmhaise, mar shampla innill bainte agus meilteoirí le próiseáil a dhéanamh ar bhithmhais foraoise. Arís tá faomhadh an AE ag teastáil leis an scéim seo a thabhairt isteach.

**Tá €0.6m á chur ar fáil i 2007 agus i 2008 don bheart seo**

### **CUMARSÁID, MARA AGUS ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA**

#### **Tithe Níos Glaise**

Ardú €5m i 2007 go beagnach €10m don scéim de chúnamh deontais do theicneolaíochtaí in-athnuaite fuinnimh (e.g. Grianphainéil). Tá soláthar ann freisin do chaiteachas breise ar an mbeart seo de €7m i 2008 agus €8m i 2009.

#### **Scéim Bith-theasa**

Síneadh curtha leis an scéim deontais seo (do choireanna tráchtála a dhóinn adhmaid) le suiteáil teicneolaíochtaí eile ar nós grianphainéil in áitribh thráchtála agus i bhfoirgnimh san earnáil neamhtráchtála, mar shampla ionaid phobail agus saoráidí spóirt a chlúdach – **€1m** breise i mbliana don bheart seo a mhéadóidh agus athleithdháileadh acmhainní sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha á gcur san áireamh, an caiteachas sa réimse seo le €3m i 2007.

#### **Fuinneamh Inmharthana Éireann**

Cuirfear €3m breise ar fáil le cur ar a chumas, mar scéim phíolótach, tacú le SMEanna agus a n-úsáid fuinnimh a mheas agus na bearta chun cur lena n-éifeacht fuinnimh.